**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca lena gcaingean i gcoinne Chinneadh (AE) Uimh. 2022/1414 an Choimisiúin an 4 Nollaig 2020, maidir leis an scéim cabhrach SA.21259 (2018/C) (ex-2018/NN) arna cur chun feidhme ag an bPortaingéil le haghaidh Zona Franca da Madeira (ZFM) – Scéim III [arna fógairt le doiciméad uimhir C(2020) 8550] (IO 2022 L 217, lch. 49), maíonn na hiarratasóirí ceithre shaincheist dlí, atá comhionann nó comhchosúil, go bunúsach, leis na saincheisteanna dlí a mhaítear mar chuid de Chás T-718/22, *Eutelsat Madeira* v *an Coimisiún*.

---

**Caingean arna tabhairt an 21 Samhain 2022 – Odeon Cinemas Holdings v EUIPO – Academy of Motion Picture Arts and Sciences (OSCAR)**

**(Cás T-727/22)**

(2023/C 24/87)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Odeon Cinemas Holdings Ltd (Londain, an Ríocht Aontaithe) (ionadaí: L. Axel Karnøe Søndergaard, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Academy of Motion Picture Arts and Sciences (Beverly Hills, California, Stáit Aontaithe Mheiriceá)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an trádmhairc faoi cheist:* Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh "OSCAR" – Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 2 931 038

*Nós imeachta roimh EUIPO:* Imeachtaí cealaithe

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 6 Meán Fómhair 2022 i gCás R 1841/2021-5

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 58(1)(a) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 22 Samhain 2022 – Industrias Lácteas Asturianas v EUIPO – Qingdao United Dairy (NAMLAC)**

**(Cás T-728/22)**

(2023/C 24/88)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Spáinnis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Industrias Lácteas Asturianas, SA (Maidrid, an Spáinn) (ionadaí: J. C. Riera Blanco, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Qingdao United Dairy Co. Ltd (Qingdao, an tSín)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóir an trádmhairc atá faoi cheist:* Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar fhocalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh "NAMLAC" – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 126 515

*Nós imeachta os comhair EUIPO*: Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc de EUIPO an 6 Meán Fómhair 2022 i gCás R 1563/2021-4

**An t-ordú atá á lorg**

Iarann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chúlghairm.

**Saincheist dlí arna maíomh**

Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 22 Samhain 2022 – Complejo Agrícola Las Lomas v an Coimisiún**

**(Cás T-729/22)**

(2023/C 24/89)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

**Páirtithe**

Iarratasóir: Complejo Agrícola Las Lomas, SL (Maidrid, an Spáinn) (ionadaí: J. Sedano Lorenzo, Dlíodóir)

Cosantóir: An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— mír 4.1.8 de phlean stráitéiseach CBT 2023-2027 ón Spáinn arna fhormheas le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 31 Lúnasa 2022, lena bhformheastar plean stráitéiseach CBT 2023-2027 na Spáinne maidir le tacaíocht ón Aontas arna mhaoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe, lena bhforchuirtear teorainn de EUR 200 000 ar an tacaíocht bhunúsach ioncaim atá le bronnadh ar gach feirmeoir (an "Beart").

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca lena chaingean, maíonn an t-iarratasóir ceithre shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/2115 [1] lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha náisiúnta faoi CBT agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 1305/2013 agus (AE) 1307/2013.

   — Ceadaítear le Rialachán (AE) 2021/2115 do na Ballstáit a chinneadh cé na hidirghabhálacha astu siúd a leagtar síos i gCaibidlí II, III agus IV de Theideal II is oiriúnaí dá riachtanais shonracha agus conas iad a leagan síos. Áirítear, áfach, sa chinneadh atá faoi chonspóid, beart idirghabhála nach bhfuil leagtha síos san Airteagal sin, lena dtugtar le tuiscint go gníomhaíonn an Coimisiún *ultra vires* agus thar teorainn shainordú Rialachán (AE) 2021/2115.